


Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

## BITHEOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ CÉADAON, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00**

**Roinn A** Freagair **cúig** cheist ar bith sa roinn seo.

Tá 20 marc ag dul do gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar scrúdaithe.

**Roinn B** Freagair **dhá** cheist ar bith sa roinn seo.

Tá 30 marc ag dul do gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar scrúdaithe.

**Roinn C** Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo.

Tá 60 marc ag dul do gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí sa leabhar freagraí.

Níor chóir duit níos mó ná 30 nóiméad a chaitheamh ar Roinn A agus 30 nóiméad ar Roinn B, sa tstí go mbeidh 120 nóiméad agat do Roinn C.

Ní mór duit do pháipéar scrúdaithe a chur ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an scrúdaithe.

## **Roinn A**

**Freagair cúig cheist ar bith.  
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

1. Comhlánaigh **ceithre** cinn de na habairtí seo a leanas trí **fhocal amháin** a chur sa spás bán.
  - (a) Tugann féith iomprach an ae fuil ó chonair an bhia go dtí an .....
  - (b) Nascann teannán ..... le cnámh.
  - (c) Is é is fótatrópacht ann ná freagairt fáis phlanda do .....
  - (d) Tálann faireoga ..... hormóin.
  - (e) Tarlaíonn malartú gáis idir duille agus an t-atmaisfear tríd an .....
  
2. Roghnaigh an chomhpháirt cille ón liosta seo a leanas agus scríobh os comhair a páirtnéara i gcolún B é.  
  
ribeasóm, folúisín, clóraplast, cillscannán, miteacoindre


<b>Colún A</b>	<b>Colún B</b>
Tá clóraifill ann	
Suíomh ina geruthaítear próitén	
Suíomh ina scaoiltear fuinneamh	
Suíomh stórála uisce, salann agus siúcraí	
Ligeann d'osmóis tarlú	

3. Cuir in iúl cé acu fior (F) nó bréagach (B) na ráitis seo a leanas trí fháinne a chur timpeall ar F nó B.

<b>Sampla:</b> Iompraíonn an t-artaire scamhógach fuil go dtí na scamhóga	<b>F</b>	<b>B</b>
---	----------	----------

Is é is miotóis ann ná deighilt núicléis in dhá núicléas chomhionanna	<b>F</b>	<b>B</b>
Tá an uimhir haplóideach chrómasóm i speirm	<b>F</b>	<b>B</b>
Tá crómasóim déanta de DNA agus de lipid	<b>F</b>	<b>B</b>
Is féidir le horgánaigh den speiceas céanna sliocht torthúil a tháirgeadh de ghnáth	<b>F</b>	<b>B</b>
Is é is riospráid aeróbach ann ná scaoileadh fuinnimh in éagmias ocsaigine	<b>F</b>	<b>B</b>
Ní fhaightear RNA i ribeasóim	<b>F</b>	<b>B</b>
Is féidir le heinsími teanntaithe gníomhú mar chatalaígh	<b>F</b>	<b>B</b>

4. Taispeánann an léaráid cineál amháin ailt.



Ainmnigh an cineál seo ailt .....

Luaigh suíomh **amháin** sa chorp daonna don chineál seo ailt .....

Ainmnigh na páirteanna seo a leanas

A .....  
B .....  
C .....

Ainmnigh cineál eile ailt atá le fáil sa chorp daonna .....

5. Tá sailte comhdhéanta d'aigéid shailleacha agus .....

Cén t-ainm a thugtar ar shaillte ar leacht iad ag teocht seomra ? .....

Luaigh **dhá** fheidhm atá ag sailte sa chorp daonna


(i) .....  
(ii) .....

Sampla de vitimín atá intuaslagtha i saill is ea .....

Foinse mhaith den vitimín seo is ea .....

D'fhéadfadh..... a bheith mar thoradh ar easnamh an vitimín seo.

6. Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis an mbia-eangach a thaispeántar thíos.



Scríobh amach biashlabhra a bhfuil **ceithre** orgánach ann .....

.....

Ainmnigh an táirgeoir tosaigh san eangach .....

Ainmnigh **dhá** thomholtóir thánaisteacha san eangach

1 ..... 2 .....

Ainmnigh **dhá** luibhiteoir san eangach

1 ..... 2 .....

Ainmnigh uiliteoir **amháin** san eangach .....

Ainmnigh feoiliteoir **amháin** san eangach .....

## Roinn B

**Freagair dhá cheist ar bith**


**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh**

**I ngach ceist sa roinn seo tá 6 mharc ar chuid (a) agus tá 24 marc ar chuid (b).**

7. (a) Ainmnigh na páirteanna den mhicreascóp solais lipéadaithe A agus B.

A .....

B .....



Más é X 10 formhéadú A agus más é X 40 formhéadú B, cad é an formhéadú a tharlaíonn nuair a fhócasáitear B ar shleamhnán? .....

- (b) Freagair iad seo a leanas maidir le sleamhnán a ullmhú le cealla planda ruaimnithe agus iad a bhreithniú faoin micreascóp.

(i) Cén planda as a bhfuair tú na cealla? .....

(ii) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuair tú píosa tanaí d'eiseamláir de na cealla.

.....  
.....  
.....  
.....

Cén ruaim a d'úsáid tú do na cealla ar an sleamhnán? .....

.....  
.....  
.....  
.....

Céard a rinne tú sular chuir tú an sleamhnán leis na cealla ruaimnithe ar ardán an mhicreascóip?

.....  
.....  
.....  
.....

Luaigh dhá ghné de na cealla seo a léiríonn gur cealla tíopúla planda iad.

1. .... 2. ....

8. (a) Ainnníos éiceachóras a bhfuil staidéar déanta agat air .....

Ainmnigh **trí** ainmhí a bhíonn san éiceachóras seo **de ghnáth**

- (b) Roghnaigh ainmhí **amháin** a d'ainmnigh tú in (a) agus freagair na ceistíteanna seo a leanas ina thaobh.

Cén t-ainmhí a roghnaigh tú .....  

---


Luaigh **dhá** ghné a chuidigh leat an t-ainmhí a shainaithint.

- 1 .....  
2 .....

Ainmnigh orgánach ar a mbeathaíonn an t-ainmhí seo é féin de ghnáth.....

Mínigh cén chaoi a ndearna tú iarracht a fháil amach cé mhéad de na hainmhithe seo a bhí san éiceachóras

Bain úsáid as na haiseanna thíos agus tarraing graf chun an t-athrú a mheasfá a thiocfadh ar líon an ainmhí seo san éiceachóras in imeacht bliana a léiríú.



9. (a) Freagair iad seo a leanas maidir le hanálú an duine NÓ ráta na cuisle.

Luaigh cén ceann díobh seo a dtagróidh tú dó .....

Cén meánráta atá ann le linn sosa? .....

Luaigh éifeacht amháin a d'fhéadfadh a bheith ag caitheamh tobac ar an ráta le linn sosa

.....

(b) Cén chaoi a ndearna tú an ráta sosa a thomhas? .....

.....

.....

.....

Déan cur síos ar an gcaoi a d'fhiosraigh tú éifeacht na haclaíochta ar an ráta seo

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

Bain úsáid as na haiseanna seo a leanas agus tarraing graf a léireoidh an t-athrú a mheasfá a thiocfadh ar an ráta de réir mar a mhéadódh ar leibhéal na haclaíochta

↑  
ráta


Leibhéal aclaíochta →

## Roinn C

**Freagair ceithre cheist ar bith.  
Scríobh na freagraí sa leabhar freagraí.**

10. (a) Tá móran feidhmeanna ag uisce sa chorp daonna. Luaigh **trí** cinn de na feidhmeanna seo. (9)
- (b) (i) Ainmnigh na dúile ceimiceacha atá i gcarbainiodráití.  
(ii) Luaigh sampla de charbainiodráit a bhfuil ról struchtúrtha aige. Cén áit in orgánach beo a mbeadh an carbainiodráit seo, meas tú?  
(iii) Luaigh ról, seachas ról struchtúrtha, atá ag carbainiodráití.  
(iv) Ainmnigh tástail a dhéanfá chun láithreacht siúcra síos aíseáidithe (e.g. glúcós) a léiriú.  
(v) Déan cur síos ar an gcaoi a gcuirfeá an tástail atá ainmnithe agat in (iv) i gcrích. (24)
- (c) (i) Ainmnigh dúil cheimiceach atá le fáil i bpróitéiní **nach** bhfuil le fáil i gcarbainiodráití.  
(ii) Ainmnigh **dhá** fhoinsí mhaithe próitéine sa bhia-aiste daonna.  
(iii) Déantar próitéiní a dhileá ina substaintí níos simplí. Cad a thugtar ar na substaintí simplí seo?  
(iv) Ainmnigh feidhm **amháin** atá ag próitéin sa chorp daonna.  
(v) Ainmnigh tástail le haghaidh próitéine.  
(vi) Déan cur síos ar an gcaoi a gcuirfeá an tástail atá ainmnithe agat in (v) i gcrích. (27)

11. (a) Céard iad tréithe tánaisteacha gnéis? Luaigh sampla de thréith thánaisteach gnéis dhaonna. (9)
- (b) Taispeánann an léaráid córas atáirgthe an fhireannaigh dhaonna.



- (i) Ainmnigh na páirteanna A, B, C, D, E.  
(ii) Cá dtáirgtear na speirmeacha?  
(iii) Cén fheidhm atá ag an bhfaireog phróstatach?  
(iv) Luaigh bealach **amháin** a bhfuil speirm éagsúil le ovum (ubh). (24)
- (c) (i) Cad a chiallaíonn neamhthorthúlacht? Luaigh fáth **amháin** le neamhthorthúlacht san fhireannach daonna.  
(ii) Ainmnigh **trí** mhodh frithghiniúna, agus i ngach cás díobh, míniú cén chaoi a gcoisceann an modh giniúint. (27)


12. (a) Mínigh na téarmaí seo a leanas a bhíonn in úsáid sa ghéineolaíocht: ceannas, géinitíopa, feinitíopa.
- (9)
- (b) In eallach Aberdeen Angus, tá an riocht maol (**M**) (gan adharca) ceannasach ar an riocht adharcach (**m**). Crosáladh tarbh maol heitrisigeach le bó adharcach. Úsáid an leagan amach seo a leanas i do leabhar freagraí chun géinitíopaí agus feinitíopaí na laonna a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcrosáil seo a fháil amach.

	Tarbh maol heitrisigeach	X	Bó adharcach
Géinitíopaí na dtuismitheoirí	.....		.....
Gaimétí	.....	.....	.....
Géinitíopaí na laonna	.....		.....
Feinitíopaí na laonna	.....		.....


(27)

- (c) (i) Cad a chiallaíonn próifíliú DNA?  
(ii) Déan cur síos achomair ar an gcaoi a ndéantar próifíliú DNA.  
(iii) Luaigh **dhá** fheidhm atá ag próifíliú DNA.
- (24)

13. (a) Cad is meitibileacht ann? Déan cur síos achomair ar an bpáirt atá ag einsímí i meitibileacht.
- (9)
- (b) Achoimre ar phróiseas na fótaisintéise is ea an chothromóid seo a leanas.



- (i) Ainmnigh Gás A.  
(ii) Ainmnigh Gás B.  
(iii) Ainmnigh an fhoinsé fuinnimh.  
(iv) Faigheann plandaí Gás A ón aer. Ainmnigh **dhá** phróiseas a scoileann an gás seo san aer.  
(v) Luaigh **dhá** chrích a d'fhéadfadh a bheith ar Ghás B, tar éis a tháirgthe sa phlanda.  
(vi) Cén áit i nduille a bhfaightear cealla leis an gcuid is mó den chlóraifill?  
(vii) Cén téarma a úsáidtear chun cur síos ar chothú plandaí?
- (27)
- (c) Is féidir an gaireas a thaispeántar thíos a úsáid chun an éifeacht atá ag toisc thimpeallachta ar ráta na fótaisintéise a fhiosrú.



- (i) Ainmnigh X agus Y.  
(ii) Cén chaoi a ndéanfá ráta na fótaisintéise a thomhas?  
(iii) Ainmnigh toisc thimpeallachta a d'athrófá sa turgnamh seo.  
(iv) Mínigh cén chaoi a n-athrófá an toisc a d'ainmnigh tú in (iii).  
(v) Ba chóir tosca timpeallachta eile a choinneáil buan le linn an turgnaimh. Ainmnigh ceann **amháin** de na tosca seo.
- (24)

14. Freagair **dhá cheann ar bith** de (a), (b), (c).


(30, 30)

- (a) (i) Luaign an fheidhm atá ag gach ceann de na codanna seo a leanas de bhláth.  
1. piotal                    2. seipeal                    3. antar.  
(ii) Mínigh cad is brí le pailniú. Cad é an difríocht idir féinphailniú agus crospailniú?  
(iii) Ainmnigh **dhá** bhealach a dtarlaíonn crospailniú.  
(iv) Luaign cén fáth ar fearr crospailniú ná féinphailniú.
- (b) (i) Ainmnigh cuid de bhláth óna bhforbraíonn toradh.  
(ii) I ngach ceann de na cásanna seo a leanas luaign sampla **amháin** de phlanda a úsáideann an modh scaipeadh síolta atá luaite.  
1. gaoth  
2. ainmhí.  
(iii) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do phlandaí a síolta a scaipeadh?  
(iv) Cad is brí le suanacht síolta?  
(v) Luaign buntáiste a bhaineann le suanacht síolta do phlanda.
- (c) (i) Cad is brí le péacadh?  
(ii) Liostaigh **trí** thoisce atá riachtanach don phéacadh.  
(iii) I gcás ceann **amháin** de na tosca atá luaite agat in (ii), mínigh cén chaoi a mbíonn éifeacht aige ar phéacadh.  
(iv) Déan cur síos ar thurgnamh a léireodh go bhfuil na tosca atá luaite agat in (ii) riachtanach don phéacadh. Bíodh léaráid den ghaireas i do fhreagra.

15. Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b), (c)

(30, 30)


- (a) Taispeánann an léaráid struchtúr chluas an duine.



- (i) Ainmnigh na codanna A, B, C, D, E, F.  
(ii) Cad tá nasctha leis an gcluas trí D?  
(iii) Cé acu atá in G, gás nó leacht?  
(iv) Luaign an fheidhm atá ag E.  
(v) Luaign an fheidhm atá ag F.

- (b) (i) Cad is hormón ann?
- (ii) Tarraing léaráid imlíneach den chorp daonna agus luaigh suíomh na bhfaireog seo a leanas a tháirgeann hormóin trí na litreacha seo a leanas a úsáid:
- W Piotútach
  - X Tíoróideach
  - Y Paineréas (Insíni Langerhans)
  - Z Aidréinigh
- (iii) I gcás ceann **amháin** de na faireoga tárgthe hormón a bhfuil a suíomh léirithe agat sa léaráid, luaigh:
1. an fhaireog agus hormón a tháirgeann sé
  2. feidhm ag an hormón seo
  3. siomtóm díothachta den hormón seo.
- (iv) Luaigh bealach **amháin** ina bhfuil difríocht idir gníomhaíocht hormónach agus gníomhaíocht néarach.

- (c) Léaráidí d'fhíocháin shoithíocha planda is ea A agus B.



- (i) Sainaithin A agus B.
- (ii) Cad is brí le fiochán soithíoch?
- (iii) Ainmnigh X agus Y.
- (iv) Luaigh feidhm atá ag A.
- (v) Luaigh feidhm atá ag B.
- (vi) Cén áit i nduille a mheasfá A agus B a aimsiú?
- (vii) Ainmnigh substaint amháin a fhaightear i mballaí A ach nach bhfaightear i mballaí B.

**LEATHANACH BÁN**